**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/405 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Márta 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh plátaí clúdaigh agus téipeanna clúdaigh, fearais solais, comhghabhálais leictreacha, córais na seoltóirí réamhdhéanta, scoradáin chiorcaid, trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne, agus trealamh táthúcháin friotaíochta**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh leictreach atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin, cuspóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi chodanna díobh.

(2) Le litir M/511 an 8 Samhain 2012, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) an chéad liosta iomlán de theidil na gcaighdeán comhchuibhithe a sholáthar mar aon leis na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, na caighdeáin sin a dhréachtú, a athbhreithniú agus a chur i gcrích chun tacú le Treoir 2014/35/AE. Na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/35/AE agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, is cuspóirí iad nár tháinig athrú orthu ó rinneadh an iarraidh ar CEN, Cenelec agus ETSI.

(3) Ar bhonn iarraidh M/511, dhréachtaigh CEN agus Cenelec an caighdeán comhchuibhithe, EN IEC 61010-2-034:2021 agus ar a leasú EN IEC 61010-2-034:2021/A11:2021 maidir le ceanglais sábháilteachta i gcás trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne.

(4) Ar bhonn iarraidh M/511, rinne CEN agus Cenelec athbhreithniú agus leasú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht (2016/C 249/03) ón gCoimisiún ([3]): EN 50520:2009 maidir le plátaí clúdaigh agus téipeanna clúdaigh, EN 60898-2:2006 maidir le scoradáin chiorcaid le haghaidh oibríocht srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh, EN 61010-2-051:2015 maidir le trealamh saotharlainne chun meascadh agus suaitheadh a dhéanamh agus EN 61010-2-030:2010 maidir le trealamh a bhfuil ciorcaid tástála nó tomhais aige. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe agus leasuithe seo a leanas: EN 50520:2020 agus EN 50520:2020/A1:2021; EN 60898-2:2021; EN IEC 61010-2-051:2021 agus EN IEC 61010-2-051:2021/A11:2021; agus EN IEC 61010-2-030:2021 agus EN IEC 61010-2-030:2021/A11:2021. Ar bhonn na hiarrata sin, rinne CEN agus Cenelec athbhreithniú freisin ar chaighdeán comhchuibhithe EN

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

([3]) Teachtaireacht (2016/C 249/03) ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO C 249, 8.7.2016, lch. 62).

61010-2-061:2015 maidir le speictriméadair adamhacha saotharlainne lena mbaineann adamhú agus ianú teirmeach, a bhfuil tagairt dóibh foilsithe ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN IEC 61010-2-061:2021 agus ar a leasú EN 61010-2-061:2021/A11:2021 faoi seach.

(5) Ar bhonn iarraidh M/511, rinne CEN agus Cenelec leasú agus ceartú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht (2016/C 249/03) ón gCoimisiún: EN 60598-2-13:2006 arna leasú le EN 60598-2-13:2006/A1:2012, agus arna cheartú le EN 60598-2-13:2006/AC:2006 le haghaidh fearais solais atá leabaithe sa talamh; EN 61534-1:2011 arna leasú le EN 61534-1:2011/A1:2014 le haghaidh chórais na seoltóirí réamhdhéanta; EN 61534-21:2014 le haghaidh chórais na seoltóirí réamhdhéanta; EN 61534-22:2014 le haghaidh chórais na seoltóirí réamhdhéanta; Agus EN 62135-1:2015 le haghaidh trealamh táthúcháin friotaíochta. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe agus leasú seo a leanas: EN 60598-2-13:2006/A11:2021; EN 61534-1:2011/A11:2021; EN 61534-1:2011/A2:2021; EN 61534-21:2014/A11:2021; EN 61534-21:2014/A1:2021; EN 61534-22:2014/A11:2021; EN 61534-22:2014/A1:2021; agus EN 62135-1:2015/AC:2016.

(6) Maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus na leasuithe agus na ceartúcháin atá déanta orthu, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin iarraidh M/511.

(7) Caighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 61010-2-034:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-034:2021/A11:2021; EN 50520:2020 arna leasú le EN 50520:2020/A1:2021; EN 60898-2:2021 EN IEC 61010-2-051:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-051:2021/A11:2021; EN IEC 61010-2-061:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-061:2021/A11:2021; EN IEC 61010-2-030:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-030:2021/A11:2021; EN 60598-2-13:2006 arna leasú le EN 60598-2-13:2006/A1:2012 agus EN 60598-2-13:2006/A11:2021 agus arna cheartú le EN 60598-2-13:2006/AC:2006; EN 61534-1:2011 arna leasú le EN 61534-1:2011/A1:2014, EN 61534-1:2011/A11:2021 agus EN 61534-1:2011/A2:2021; EN 61534-21:2014 arna leasú le EN 61534-21:2014/A11:2021 agus EN 61534-21:2014/A1:2021; EN 61534-22:2014 arna leasú le EN 61534-22:2014/A11:2021 agus EN 61534-22:2014/A1:2021; agus EN 62135-1:2015 arna cheartú le EN 62135-1:2015/AC:2016, comhlíonann siad na ceanglais sábháilteachta agus tá sé d'aidhm ag na caighdeáin sin na ceanglais a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/35/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin, agus na leasuithe agus na ceartúcháin orthu, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis tagairtí na gcaighdeán comhchuibhithe lena dtoimhdítear iad a bheith i gcomhréir le Treoir 2014/35/AE. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh d'fhonn tacú le Treoir 2014/35/AE, ba cheart na tagairtí sin a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(9) Dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, agus na tagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach a bhaineann leo a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is tagairtí iad sin is gá a tharraingt siar: EN 50520:2009; EN 60898-2:2006; EN 61010-2-051:2015; EN 61010-2-061:2015; EN 61010-2-030:2010; EN 60598-2-13:2006; EN 61534-1:2011; EN 61534-21:2014; EN 61534-22:2014 agus EN 62135-1:2015.

(10) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE, tagairtí a tarraingíodh siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí sin a chuimsiú san Iarscríbhinn sin. Mar sin féin, ós rud é go bhfoilsítear tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 61010-2-061:2015 in Iarscríbhinn IB a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, is gá an tagairt sin a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

(11) Ar mhaithe lena ndóthain ama a thabhairt do na monaróirí iad féin a ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm na gcaighdeán comhchuibhithe EN 50520:2020 arna leasú le EN 50520:2020/A1:2021; EN 60898-2:2021; EN IEC 61010-2-051:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-051:2021/A11:2021; EN IEC 61010-2-061:2021 arna leasú le

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 306, 27.11.2019, lch. 26).

EN IEC 61010-2-061:2021/A11:2021; EN IEC 61010-2-030:2021 arna leasú le EN IEC 61010-2-030:2021/A11:2021; EN 60598-2-13:2006 arna leasú le EN 60598-2-13:2006/A1:2012 agus EN 60598-2-13:2006/A11:2021 agus arna cheartú le EN 60598-2-13:2006/AC:2006; EN 61534-1:2011 arna leasú le EN 61534-1:2011/A1:2014, EN 61534-1:2011/A11:2021 agus EN 61534-1:2011/A2:2021; EN 61534-21:2014 arna leasú le EN 61534-21:2014/A11:2021, agus EN 61534-21:2014/A1:2021; EN 61534-22:2014 arna leasú le EN 61534-22:2014/A11:2021 agus EN 61534-22:2014/A1:2021 agus EN 62135-1:2015 arna cheartú le EN 62135-1:2015/AC:2016, tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, agus na dtagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach, is rud é is gá a chur siar. EN 50520:2009; EN 60898-2:2006; EN 61010-2-051:2015; EN 61010-2-061:2015; EN 61010-2-030:2010; EN 60598-2-13:2006; EN 61534-1:2011; EN 61534-21:2014; EN 61534-22:2014 agus EN 62135-1:2015.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 a leasú dá réir.

(13) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin lena dtoimhdítear é a bheith i gcomhréir leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 mar a leanas:

(a) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(b) Leasaítear Iarscríbhinn IB i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(c) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo;

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (b) ón 10 Meán Fómhair 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| “101. | EN IEC 61010-2-034:2021<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-034: Ceanglais ar leith maidir le trealamh tomhais le haghaidh friotaíocht insliúcháin agus trealamh a dhéanann tástáil ar neart leictreach<br>EN IEC 61010-2-034:2021/A11:2021 |
| 102. | EN 50520:2020<br>Plátaí clúdaigh agus téipeanna clúdaigh chun cáblaí faoi thalamh nó seolphíobáin faoi thalamh i suiteálacha faoi thalamh a chosaint agus rabhadh a thabhairt maidir lena suíomh.<br>EN 50520:2020/A1:2021 |
| 103. | EN 60898-2:2021<br>Comhghabhálais leictreacha – Scoradáin chiorcaid chun cosaint a thabhairt ar fhorshruth i gcás suiteálacha tí agus suiteálacha comhchosúla – Cuid 2: Scoradáin ciorcaid le haghaidh oibríocht srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh |
| 104. | EN IEC 61010-2-051:2021<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-051: Ceanglais ar leith maidir le trealamh saotharlainne chun meascadh agus suaitheadh a dhéanamh<br>EN IEC 61010-2-051:2021/A11:2021 |
| 105. | EN IEC 61010-2-061:2021<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-061: Ceanglais ar leith maidir le speictriméadair adamhacha saotharlainne lena mbaineann adamhú agus ianú teirmeach<br>EN IEC 61010-2-061:2021/A11:2021 |
| 106. | EN IEC 61010-2-030:2021<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-030: Ceanglais ar leith maidir le trealamh lena mbaineann ciorcaid tástála nó tomhais<br>EN IEC 61010-2-030:2021/A11:2021 |
| 107. | EN 60598-2-13:2006<br>Fearais solais - Cuid 2-13: Ceanglais ar leith – Fearais solais leabaithe sa talamh<br>EN 60598-2-13:2006/A1:2012<br>EN 60598-2-13:2006/A11:2021;<br>EN 60598-2-13:2006/AC:2006 |
| 108. | EN 61534-1:2011<br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 1: Ceanglais ghinearálta<br>EN 61534-1:2011/A1:2014<br>EN 61534-1:2011/A11:2021<br>EN 61534-1:2011/A2:2021 |
| 109. | EN 61534-21:2014<br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 21: Ceanglais ar leith maidir le córais na seoltóirí réamhdhéanta atá ceaptha lena suiteáil ar bhallaí agus ar shíleálacha<br>EN 61534-21:2014/A11:2021<br>EN 61534-21:2014/A1:2021; |

| | |
|---|---|
| 110. | EN 61534-22:2014<br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 22: Ceanglais ar leith maidir le córais na seoltóirí réamhdhéanta atá ceaptha lena suiteáil ar an talamh nó faoin talamh<br>EN 61534-22:2014/A11:2021<br>EN 61534-22:2014/A1:2021 |
| 111. | EN 62135-1:2015<br>Trealamh táthúcháin friotaíochta - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh, monarú agus suiteáil<br>EN 62135-1:2015/AC:2016” |

*IARSCRÍBHINN II*

Scriostar ró 29 d'Iarscríbhinn IB a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956.

*IARSCRÍBHINN III*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| “96. | EN 50520:2009;<br><br>Plátaí clúdaigh agus téipeanna clúdaigh chun cáblaí faoi thalamh nó seolphíobáin faoi thalamh i suiteálacha faoi thalamh a chosaint agus rabhadh a thabhairt maidir lena suíomhanna. | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 97. | EN 60898-2:2006;<br><br>Comhghabhálais leictreacha – Scoradáin chiorcaid chun cosaint a thabhairt ar fhorshruth i gcás suiteálacha tí agus suiteálacha comhchosúla – Cuid 2: Scoradáin chiorcaid le haghaidh oibríocht srutha ailtéarnaigh agus srutha dhírigh | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 98. | EN 61010-2-051:2015;<br><br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-051: Ceanglais ar leith maidir le trealamh saotharlainne chun meascadh agus suaitheadh a dhéanamh | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 99. | EN 61010-2-030:2010;<br><br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialú agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-030: Ceanglais ar leith maidir le trealamh lena mbaineann ciorcaid tástála nó tomhais | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 100. | EN 60598-2-13:2006<br><br>Fearais solais - Cuid 2-13: Ceanglais ar leith – Fearais solais leabaithe sa talamh<br><br>EN 60598-2-13:2006/A1:2012<br>EN 60598-2-13:2006/AC:2006 | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 101. | EN 61534-1:2011<br><br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 1: Ceanglais ghinearálta<br>EN 61534-1:2011/A1:2014 | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 102. | EN 61534-21:2014<br><br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 21: Ceanglais ar leith maidir le córais na seoltóirí réamhdhéanta atá ceaptha lena suiteáil ar bhallaí agus ar shíleálacha | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 103. | EN 61534-22:2014<br><br>Córais na seoltóirí réamhdhéanta – Cuid 22: Ceanglais ar leith maidir le córais na seoltóirí réamhdhéanta atá ceaptha lena suiteáil ar an talamh nó faoin talamh | 10 Meán Fómhair 2023 |
| 104. | EN 62135-1:2015<br><br>Trealamh táthúcháin friotaíochta - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh, monarú agus suiteáil | 10 Meán Fómhair 2023” |